Cúpla Focal

Foireann Peile Liatroma

le Proinn Ó Duigneáin

Tá na cluichí thart don chuid is mó dena contaethe a ghlac páirt sa Chraobh. Bhíomar ag súil go rachadh leithéidí Mhuineacháin agus Fhear Manaigh níos fuide ós rud é go mbíonn báidh i gcónaí againn leis na contaethe beaga. Fairíor thréig an t-ádh iad nuair ba ghéire a bhí siad ina ghátar. Agus chaithfeá trua a bheith agat do Chill Mhantain, foireann a bhuail Cill Dara ach mar gheall ar riail áiféiseach nach dtuigeann éinne ba san Tommy Murphy a bhí orthu an feachtas a chríochnú. Cuireann sé iontas orm i gcónaí a mhéad uair a dhéanann An Cumann Lúithchleas Gael praiseach de chur i bhfeidhm tionscnaimh nua. Agus maidir leis na rialacha a bhaineann le hiompar na n-imreoirí ar an bpáirc imeartha, is deacair aon tuiscint ceart a bhaint as cuid mhaith dena cinnidh a dhéantar. Thóg sé trí 'chúirt' le réiteach a dhéanamh ar chás Paul Galvin. Bheifeá ag súil go mbeadh an CLG lán-ábalta ag an bpointe seo ceisteanna riaracháin a réiteach ar bhealach níos éifeachtaigh ná mar a táid ach ní hamhlaidh atá de réir gach cosúlachta.

Agus céard faoin ár gcontae féin? Níl aon dabht ná go raibh an iomad anuas orthu ag tús na Sraithe toisc go raibh roinnt dena himreoirí móra gortaithe. Tháinig feabhas ar an scéal diaidh ar ndiaidh ach ar an drochuair theip orthu in aghaidh Luimnigh i gcluiche na cinniúna thíos i gCill Mheallóg. Agus níor míádh go dtí é a thárla do Luimneach féin in aghaidh Chorcaigh ina dhiaidh sin sa Chraobh. Dála an scéil, mar is eol dúinn rinne An Dún, Fear Manach agus Loch Garmain go fíor mhaith sa Chraobh chomh maith.(Agus é seo á scríobh agam tá Loch Garmain fós san iomaíocht). Bhuail Liatroim an Dún agus ní fios ó thalamh an domhain cén chaoi ar chaill siad in aghaidh Fhear Manaigh i gCara Droma Rúisc.

Céard faoin todhchaí? Bheul ar a gcéad dul síos is léir go bhfuil na seanlaethe thart nuair a bhí Liatroim buailte sula ndeachaigh siad chun páirce chor ar bith. Tá mianach sna peileadóirí seo atá inmholta. Ba cheart meas a bheith againn ar chuile dhuine acu. Uaireanta caitear go handona le himreoirí agus ní ag caint ar chuid den lucht féachana amháin atáim. Ba mhaith linn go léir is dóigh liom leithéidí Shane Canning agus Pat Gilmartin a fheiceáil arís ar pháirc na himeartha.

Beidh dream nua bainistíochta i gceannas na fóirne go luath. Tá ré nua romhainn agus cé nach bhfuil na hachmhuinní céanna sa chontae seo is atá i gcontaethe eile is cúis bróid dúinn go bhfuil leithéidí John McKeon, Michael McGuinness, Dermot Reynolds, Declan Maxwell agus go leor eile ag imirt ar ár son. Tá ár meas tuillte go maith acu.

Michael McGuinness

Usáid do theanga

Dlíthe Baoth

I mBuirgheas Liam i Washington, tá sé mí-dhleathach marcaiocht ar chapall grána.

It's illegal in Wilbur, Washington, to ride an ugly horse.

I Utah, tá sé I gcoinne an dlí bheith ag iascacht is tú in airde ar chapall

It is against the law to fish from horseback in Utah.

De réir dlíthe chathair Harthahorne ranóg 363 tá sé mí-dhleachthach duine fé shuan meabhair a chuir i bhfuinneog aon shiopa

Harthahorne City Ordinance, Section 363, states that it shall be unlawful to put any hypnotized person in a display window

I Memphis, Tennessee, tá sé i gcoinne an dlí ag mná car a thiomáint mura bhfuil fear ag siúl nó ag rith ós a gcomhair ag craitheadh bratach dhearg chun foláireamh a thabhairt des na tiománaithe is na coisithe ag teacht an treo eile.

In Memphis, Tennessee, it is illegal for a woman to drive a car unless there is a man either running or walking in front of it waving a red flag to warn approaching motorists and pedestrians.

Stair An Sloinne **Mac Fhlannchaí Clancy**

Siolraíonn an sloinne seo as dhá cheantar in Éireann. An chéad cheann as Contae an Chláir in arb chlann chumhachtach breithiún iad a bhain le muintir Uí Bhriain (Is ón chlann seo a dtagann na na daoine is iomráitai le sloinne) *There are two different origins for this surname in Ireland. The first is from Co Clare and they were a powerful brehon family to the O'Biens (most of the famous Clancys are of this origin).* **Is de bhunús éagsúl Mac Fhlannchaí Liatroma**. *The name Clancy in Co Leitrim is of a different origin.* **B'iad Mac Fhlannchaí Liatroma taoisigh ar Dhartraigh Ros Clochair go dtí tréimhse an phlandáil**. *The Leitrim Clancys were chiefs of Dartry and Rosclogher up until the Plantation period.* **An daingean a bhí acu ná caisleáin ar ógadh ar chrannóg ar Loch Mealbhna**. *Their stronghold was a castle built on a crannog on Lough Melvin. It lasted well into the sixteenth century.*

Dob é Mac Fhlannchaidh an tsean litriú agus is ón tsean fhocal 'flann', a gciallaíonn dearg, a dtgann céad chuid an sloinne. *The older Irish spelling was Mac Fhlannchaidh and the first part of the name derives from an old Irish word 'flann' meaning 'red, ruddy'..*

Tá deireadh an sloinne éiginnte. Dár len An tAthair de Bhulbh, stairí cháiliúl ar sloinnte, is gaiscíoch le gruaig dearg a bhí i gceist le sloinne ach níl chadh/chaidh mar fhocal le ciall ag scoláirí na Gaeilge. *The ending of the name is unclear. Father Woulfe, a notable historian of surnames, said the name meant 'red warrior', but the element caidh/cadh is unknown among Gaelic scholars in this respect.*

B'anamh I gcónaí mar chéad ainm í Flannchadh cé gur choitianta go maith é I Liatroim, go háirithe sa tuaisceart, agus faightear chomhmaith igContae. Fhearmanach. *Flannchadh was always a rare Irish personal name. Though the name is common in Leitrim, especially the northern and central parts. It can also be found in neighbouring Fermanagh.*

Is iomaí leagan bhéarla atá ag Mac Fhlannchaidh mar shampla Clancy, Clanchey, Clanchy agus amantai le Mc rompu. Sna stát Aontaithe faightear claunchy atá an-neamhchoitianta. *Clancy is a surname found with many variant spellings such as Clancy, Clanchey, Clanchy and sometimes the Mc prefix is found. In America the very rare variant Claunchy can be found.*

Leagan eile nán sloinne Glancy Glancey and Glanchy a dtánaigh ó siúd a litrigh an sloinne ar an doigh seo, agus sin cad as a dtánaigh fuaim an G sa leagan bhéarla.

Mag Fhlannchaí A further variant form of Glancy, Glancey and Glanchy is found in Leitrim. They are all Clancys originally, but this group use a slightly different Gaelic form Mag Fhlannchaí, which reflects the 'g' sound.